‘Game of Thrones’ ar fáil as Gaeilge



Game of Thrones as Gaeilge

Beidh leagan Gaeilge de “A Song of Ice and Fire” an chéad leabhar sa tsraith “A Game of Thrones” le foilsiú go luath. Dar leis na foilsitheoirí Leabhar Breac, beidh an t-aistriúchrán ar an leabhar iomráiteach le George R. R. Martin ar fáil i Mí Mheán Fómhair. Ceaptar gur “Cluiche na Corónach” an teideal Gaeilge a bheidh ar an saothar.
Foilsíodh an bunleagan Béarla don chéad uair sa bhliain 1996 agus bhí sé ar bharr liosta na leabhar ag an New York Times sa bhliain 2011. Tá os cionn 60 milliún cóip den chúig leabhar sa tsraith atá foilsithe go dtí seo díolta ar fud an domhain. Clúdaíonn na leabhair fantasaíochta scéal na Seacht Ríochta i Westeros agus an choimhlint cumhachta atá ar siúl eatarthu. Ar ndóigh tá an comhlacht Leabhar Breac ag súil go mbeidh an-tóir agus an-díol ar an leagan Gaeilge chomh maith go háirithe agus an tsraith teilifíse go mór i mbéal an phobail faoi láthair agus an séú séasúr de le craoladh an bhliain seo chugainn.
Tá an comhlacht atá lonnaithe i gCois Fharraige i gConamara tar éis leagan Gaeilge de a lán saothair litríochta a chur ar fáil cheana féin ina measc “Oileán an Órchiste”, aistriúchán ar “Treasure Island” le R.L. Stevenson agus táthar ag obair i láthair na huaire ar leagan Gaeilge de “Kidnapped” leis an údar céanna.
Más duine de lucht féachana ollmhór Cluiche na Corónach tú bí ag faire amach don saothar Gaeilge sa fómhar.

Gluais:	Glossary:
leagan	version
sraith	series
foilsitheoirí	publishers
saothar	work
bunleagan	original
fantasaíocht	fantasy
séasúr	season
craoladh	broadcast
aistriúchán	translation

Glór Cheatharlach

Picnic an tSamhraidh ag SPRAOI

Eagróidh an grúpa tuistí agus leanaí SPRAOI imeacht álainn dar teideal Picnic an tSamhraidh i gcomhar le Glór Cheatharlach in Ionad Phobal Darach Nua an Satharn seo chugainn,11 Iúil le tosú ag 11r.n.
Is ócáid ceiliúrtha í Picnic an tSamhraidh do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge agus má bhíonn an aimsir cineálta is lasmuigh ins an gairdín álainn san Ionad a reachtálfar na himeachtaí ar an Satharn. Beidh caint is comhrá, bia is deochanna, spórt is spraoi ar an lá. Iarrtar ar thuismitheoirí plúid picnice agus lón beag a thabhairt leo agus cuirfear gach rud eile ar fáil ar an lá.
Is grúpa dátheangach é SPRAOI a thagann le chéile go rialta chun deis a thabhairt do thuismitheoirí agus páistí súgradh le chéile trí Ghaeilge. Bunaíodh an grúpa i Samhradh 2012 agus tá sé ag dul ó neart go neart ó shin. Bíonn fáilte roimh theaghlaigh nua i gcónaí agus níl brú ar éinne ach an méid Gaeilge atá acu féin a labhairt. Cuirfear fáilte roimh chách ag Picnic an tSamhraidh ar an Satharn beag seo in Ionad Pobal Darach Nua. Gach eolas ar fáil ó 087 2857048, 085 1340047 nó is féidir scríobh chuig eolas@glorcheatharlach.ie. Bígí Linn do Phicnic an tSamhraidh!

Pic an tSamhraidh ag an ngrúpa SPRAOI anuraidh

Gluais:	Glossary:
imeacht	event
teaghlaigh	amilies
aimsir	weather
lasmuigh	outside
sóláistí	refreshments
dátheangach	bilingual
ag tógáil	raising
i gcomhar	in association
ceiliúradh	celebration
plúid	blanket

Tús curtha le Clár an tSamhraidh

Scoil Samhraidh Willie Clancy faoi lán seoil

An píobaire, Willie Clancy

Tá an fhéile ar a dtugtar Seachtain Willie Clancy faoi lán seoil i Sráid na Cathrach, Co an Chláir i láthair na huaire agus an baile ag pléascadh le ceoltóirí traidisiúnta tagtha ó cheann ceann na tíre agus ó thíortha thar sáile chomh maith chun ceol a fhoghlaim, a roinnt agus a cheiliúradh.
Tá Féile Willie Clancy ar an bhfód le breis is daichead bliain bunaithe in 1973 chun oidhreacht agus ceol an phíobaire aitheanta áitiúil a cheiliúradh. Is cinnte go bhfuil ceol le cloisteáil fud fad an bhaile agus sa cheantar máguaird ó éirí go luí na gréine. Chomh maith leis na ceolchoirmeacha agus céilithe gach oíche tá an iliomad imeachtaí ar chlár na féile ina measc ranganna ceoil agus damhsa, ceardlanna, léachtaí, seoltaí leabhar agus céirnín gan trácht ar na seisiúin neamhoifigiúla ar fud an bhaile agus timpeall gach cúinne. Gach bliain dírítear ar uirlis ceoil amháin faoi leith agus i mbliana is í an chruit atá faoi chaibidil.
Beidh na meáin idir stáisiúin raidió agus teilifíse i láthair chun seoda agus buaicphointí na seachtaine a chraoladh gan trácht ar an méid colúin a líonfar ins na meáin chlóite faoi imeachtaí na féile. Faoin teideal ‘Éire agus Alba’ tá ceiliúradh á dhéanamh i mbliana trí cheol agus amhrán ar na ceangail chultúrtha idir na Gaeil anseo agus thall. Beidh Ceolchoirm Chuimhneacháin na Féile ar siúl in Ionad Pobail an Bhaile in omós do Mhuiris Ó Rócháin, duine de bhunaitheoirí Fhéile Willie Clancy, agus a d’imigh ar shlí na fírinne é féin cúpla bliain ó shin. Cuirfear clabhsúr leis an bhféile le Cór Chúil Aodha ag soláthar an cheoil ag Aifreann i nGaeilge in Eaglais Naomh Iosaef, Sráid na Cathrach ag 10.00r.n. maidin Domhnaigh seo chugainn. Féile mhór mar sin agus ceol den scoth thar naoi lá agus oíche ó 4ú go 12ú Iúil. Is fiú dul ann bliain éigin.

Gluais:	Glossary:
ag pléascadh	bursting
thar sáile	overseas
píobaire	piper
ceardlanna	workshops
léachtaí	lectures
cruit	harp
meáin	medis
buaicphointí	highlights
clabhsúr	finish

Cuid de na déagóirí ar a mbealach isteach sa Choláiste Samhraidh

Tá an Coláiste Samhraidh do dhéagóirí i gCeatharlach faoi lán seoil. Is í seo an 7ú bliain den choláiste agus tá suas le caoga dalta ag freastal ar an gcúrsa coicíse eagraithe ag Glór Cheatharlach agus ar siúl sa Ghaelcholáiste. Tá an cúrsa oiriúnach do dhéagóirí i Rang 6 go Bliain 6 agus leanfar leis go De hAoine na seachtaine seo. Chomh maith leis na ranganna tá cluichí teanga agus díospóireachtaí, cluichí agus sport, amhránaíocht agus ranganna céilí ar chlár an chúrsa.
An tseachtain seo chugainn reachtálfar Campaí do pháistí ó 14ú go 18ú Iúil. Beidh Campa na nÓg oiriúnach do pháistí réamhscoile agus beidh an Campa Samhraidh oiriúnach do pháistí bunscoile ó aois 6-10 mbliana d’aois. Bainfidh na páistí taitneamh as réimse leathan imeachtaí le ceardaíocht agus ealaín, cluichí agus spórt, snámh, céilithe agus turasanna san áireamh. Tá Campa na nÓg lán ach seans go bhfuil áit nó dhó fós le fáil sa Champa Samhraidh ach dul i dteagmháil gan mhoill le Glór Cheatharlach. Buail isteach chuig an oifig ar Shráid an Coláiste atá díreach trasna ón Ardeaglais. Is féidir chomh maith glaoch a chur ar 087 2857048, 085 1340047 nó scríobh chuig emma@glorcheatharlach.ie

Gluais:	Glossary:
spleodrach	cheerful
seasca	sixty
ag freastal	attending
oiriúnach	suitable
níos déanaí	later
in áirithe	reserve
gan mhoill	immediately

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach,
Sráid an Choláiste,
Ceatharlach
(059) 9158105
/ (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie
www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!